



Deacrachtaí Foghlama Éadroma



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN

Oideachais

MÁNNYSTRIE O

Lear

Intreoir

Tuigtear go léiríonn dalta ag a bhfuil deacrachtaí foghlama éadroma (MLD) moill shuntasach maidir le clocha mílte forbartha a bhaint amach agus d'fhéadfadh deacrachtaí i bhfad ní ba mhó ná a gcuid piaraí a bheith acu maidir le bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta a bhaint amach. D'fhéadfadh moill urlabhra agus teanga a bheith orthu dá réir, leibhéal ísle cumais chun díriú ar a gcuid oibre agus scileanna sóisialta, mothúchánacha agus pearsanta tearcfhorbartha a bheith acu.

Bíonn scóir idir 50-69 ag na daltaí seo de réir tomhais caighdeánaithe ar chumas ginearálta agus ar ghnóthachtáil oideachais.

D'fhéadfadh daltaí a bhfuil MLD acu bacainní ar a gcuid foghlama a léiriú amhail:

- Deacrachtaí a bhaineann le coincheapa teibí a chomhthéacsú agus a thuiscint.
- Easpa réasúnaíochta loighiciúla.
- Easpa cumais scileanna a aistriú agus a chur i bhfeidhm ar shuíomhanna difriúla.
- Scileanna mínluaile agus oll-luaile easnamhacha.
- Deacracht le heagrúchán pearsanta.
- Cuimhne chlosamhairc easnamhach.
- Cuimhne fhadtéarmach agus ghearrthéarmach easnamhach.
- Iompraíocht neamhchomhlíontach agus freasúraíoch
- Easpa feasachta nó freagrachta as torthaí a gcuid gníomhartha.

D'fhéadfadh daltaí a bhfuil MLD acu diagnóis bhreise a bheith acu fosta m.sh. máchail fhisiciúil, amhairc nó éisteachta, ASD, ADD/ADHD ar thoradh dó castacht mhéadaithe riachtanas.



Mar sin féin, is den tábhacht a chuimhneamh gur duine dó/di féin é/i gach páiste agus go bhfuil a gcuid riachtanas, buanna agus laigí féin acu. Is den rithábhacht próifíl de riachtanais dalta a shocrú trí chur chuige ilghníomhaireachta, diagnóiseach, le pleananna cuimsitheacha oideachais a bhunú a shainoiriúnaítear le tabhairt faoi na riachtanais seo.

DEA-CHLEACHTAS

- Pleanáil iomlán scoile agus múinteora aonair a fhorbairt le spriocanna sainiúla a shocrú le tabhairt faoi riachtanais ar leith dalta.
- Tuiscint dhomhain agus ionbhá a fhorbairt ar riachtanais gach páiste ionas go dtig leis/léi a lánacmhainneacht a bhaint amach.
- Caidreamh tacúil a bhunú leis an dalta.
- Díriú ar a dtig le dalta a dhéanamh seachas nach dtig leis/léi a dhéanamh agus tógáil ar a c(h)uid buanna.

Comhad Acmhainní Sainriachtanais Oideachais DEACRACHTAÍ FOGHLAMA ÉADROMA (DFM)

- Stíl foghlama an dalta a bhreathnú agus foghlaim agus teagasc a idirdhealú dá réir.
- Curaclam idirdhealaithe atá fóirsteanach o thaobh aoise de a chur ar fáil do dhaltaí.
- Ba chóir tascanna a thabhairt atá taobh istigh dá c(h)umas agus a ligeann dó/di bheith rathúil.
- Teanga a shimpliú, focail a athrá agus cialla a shoiléiriú.
- A chinntiú go mbíonn ciall agus feidhm shoiléir ag baint le tascanna.
- Céimeanna gearra seichimh a úsáid nuair a bhítear ag teagasc.
- Deiseanna ro-fhoghlama agus athrá a bheith mar chuid de cheachtanna.






- Ceistiú agus teagasc idirdhealaithe.
- Bíodh neart molta agus spreagtha mar chuid d'eispéreas foghlama agus teagaisc an dalta.
- Cuidiú le daltaí a thuiscint gur cuid den phróiseas foghlama meancóga a dhéanamh.
- Réimse leathan d'acmhainní foghlama a úsáid (m.sh. áiseanna amhairc [cairteacha/déantúsáin], fíor-réada, bogearraí ríomhaireachta, ceamaraí digiteacha, scanóirí agus téacs inrochtaine). Ba chóir UTFC a imeascadh go hiomlán san fhoghlaim laethúil.
- D'fhéadfadh daltaí tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht chúnata m.sh. méarchláir cás íochtair, forleaganacha méarchláir, luchta optúla nó liathróidí rollóra.

- Ba chóir go léireodh leagan amach an tseomra ranga riachtanais na ndaltaí aonair.
- Nuair is cuí, d'fhéadfaí spás oibre indibhidiúil a chur ar fáil le cur ar chumas dalta bheith ag obair i dtimpeallacht atá saor ó chur isteach.
- Nuair is cuí, ba chóir leatháin oibre a chur ar fáil leis an mhéid scríbhneoireachta atá de dhíth a íoslaghdú.
- Aiseolas a thabhairt láithreach nuair is féidir.
- Bheith solúbtha ar mhaithe le haird a choinneáil agus chun plé le deacrachtaí a bhaineann le díriú ar a gcuid oibre. Ba chóir deiseanna "scithe" a thabhairt.
- Nuair is cuí, ba chóir go mbeadh daltaí páirteach i dtascanna inar gá rannpháirtíocht agus comhoibriú lena gcuid piaraí.
- Béim a choinneáil ar an fhoghlaim ghníomhach trí smaointeoireacht, déanamh agus fadhbréiteach.
- Deiseanna a thabhairt do dhaltaí le roghanna a dhéanamh faoina gcuid foghlama agus go leor ama a thabhairt dóibh le smaoineamh ar rudaí ó thús deireadh.
- Measúnú a úsáid le spriocanna a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.
- Treoracha a thabhairt atá iomlán soiléir agus teanga shoiléir neamh-dhébhrioch a úsáid.
- Cuidiú leis na daltaí tascanna a chomhlánú go neamhspleách trína chinntiú go bhfuil an méid seo a leanas ar eolas acu: Cén obair a chaithfidh mé a dhéanamh? Cá mhéad a chaithfidh mé a dhéanamh? Cad é mar atá fhios agam go bhfuil mé críochnaithe? Cá háit a gcuirfidh mé an obair chríochnaithe? Cad é an chéad rud eile a dhéanfaidh mé?

- Smaoineamh ar mhúnla, míonsamhail nó pictiúr a úsáid den sprioc nó den táirge deiridh sa dóigh go mbeidh a fhios ag an dalta cad leis a bhfuiltear ag dúil.
- Túsphointe agus pointe deiridh taisc a léiriú go soiléir agus gan aon débhrí.
- Cuidiú leis na daltaí a lá scoile a thuar agus a eagrú agus aistriú go réidh idir gníomhaíochtaí trí úsáid a bhaint as, más cuí: gnáthaimh a chuireann sábháilteacht agus leanúnachas ar fáil; sceideal lae/cuid de lá i bhfoirm phictiúrtha/scríofa; comharthaí soiléire treo/lipéadaithe.
- Nuair is cuí, úsáid leideanna amhaire le ciall a aibhsiú – tascanna a chur i láthair trí úsáid siombailí nó treoracha a thabhairt le cárta leide scríofa/pictiúrtha.
- Gan níos mó ná scil nua amháin a thabhairt isteach ag am amháin.
- Daltaí a spreagadh le bheith ina bhfoghlaimeoirí níos neamhspleáiche.
- Gníomhaíochtaí praiticiúla, lena n-áirítear cluichí, ionsamhlú, rólghlacadh agus turais allamuigh a úsáid.
- Gníomhaíochtaí féinmheasa agus forbairt muiníne a úsáid.





- Deis a thabhairt do dhaltáí eolas agus scileanna a ghinearálú. D'fhéadfadh sé tarlú go gcaillfeadh daltaí a bheadh ag bogadh isteach i dtimpeallacht nua m.sh. scoil nua, scileanna a bhí acu roimhe agus go gcaithfeadh siad roinnt scileanna a athfhoghlaim.
- Scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt. Seans go gcaithfí iad seo a theagasc go follasach. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar an ghaol idir éisteoir agus cainteoir, ar shealanna a ghlacadh, ar fhanacht i scuaine agus ar obair i ngrúpaí.
- Iarracht a dhéanamh leanúnachas a bheith sa chur chuige ag gach duine dá bhfuil ag obair le dalta.
- Ba chóir córas ceart cumarsáide idir scoil agus baile a chur ar bun agus sin a bheith leanúnach.
- Ba chóir do scoileanna nósanna roinnte dea-chleachtais taobh istigh de scoileanna agus idir an príomhshruth/Aonaid MLD/Scoileanna speisialta a fhorbairt.

Tuilleadh Léitheoireachta agus Acmhainní

National Council for Curriculum and Assessment (NICCA) (2007) Guidelines for Teachers of Students with Moderate Learning Disabilities.

<http://www.ncca.ie/>

Special Education Support Service (SESS) provides advice and guidance on general learning difficulties.

<http://www.sess.ie/>

Teachernet: Information on Special Educational Needs, including the SEN Toolkit.

<http://www.teachernet.gov.uk/>

Teaching Expertise: will inform and your work with pupils with SEN

<http://www.teachingexpertise.com/special-educational-needs>

Buttriss, J. and Callander, A. (2008) A-Z of Special Needs For Every Teacher, London: Optimus Education.

ICEP Europe provides a comprehensive suite of specialised research based courses including Understanding Autism, ADHD, Aspergers Syndrome, General Learning Disabilities, Supporting and Managing Pupil Behaviour and Teaching Troubled Children.

<http://www.icepe.ie/>

The Oakwood Advisory Team aims to advise parents and schools in meeting the needs of children identified with ASD or whose difficulties can be described within the triad normally associated with ASD. The service is available to parents of pre-school children and to pupils in mainstream schools in the BELB area.

www.oakwoodasd.ik.org

Admhálacha

- 'Signposts'
SESS
www.sess.ie
- 'Good Practice Guidelines for Schools to meet the special educational needs of pupils at the school-based stages of the code of practice'
Inter-board Guidance
- 'Provisional Criteria for initiating statutory assessments of special educational need and for making statements of special educational need'
Inter-board Guidance

Buíochas

Mr Brendan Gillan

agus

Foireann Brookfield School